# Aighneacht

# Comhairliúchán Poiblí

# Athbhreithniú ar Mhaoiniú Fhoras na Gaeilge d'Earnáil na Meán Gaeilge clóite agus ar líne

# Iúil 2019

## Intreoir

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne.

Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann.

Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.

Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oileánda ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge.

Tá 180 craobh agus iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin. Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag www.cnag.ie.



Ceann-Áras: Uimhir 6, Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, Éire +353 (0)1 4757401 eolas@cnag.ie www.cnag.ie

## Anailís ar Mholtaí sa Chomhairliúcháin

Tá moltaí maithe istigh sa chomhairliúcháin ar nós scéim phrintíseachta do chéimithe iriseoireachta Gaeilge agus scéim phíolótach dírithe ar fhoilsiú saor-nuachtáin áitiúla lán-Ghaeilge do na ceantair is mó a bhfuil pobal labhartha Gaeilge iontu. Ach ní cóir na moltaí seo a chur i bhfeidhm má tá sé chun dochar a dhéanamh do na socruithe maoinithe atá ann faoi láthair do na meáin.

Mar atá ráite sa Doiciméid Chomhairliúcháin 'Léiríonn Tuarascáil Dhaltúin go bhfuil foilseacháin reatha na dtrí scéim reatha go mór faoi bhrú airgeadais. Léiríonn freisin dúshláin leanúnacha fheidhmiúla agus forbartha rompu laistigh den earnáil fíor-iomaíoch seo. Tá aitheantas tugtha don infheistíocht agus don fhorbairt nuálaíoch ar leith atá curtha san infreastruchtúr reatha do nuachtán Gaeilge ar line.' Is léir go bhfuil gá le buiséad na meáin clóite a mhéadú. Caithfear iarraidh ar na Rialtais ó thuaidh agus ó dheas breis infheistíocht a chur ar fáil do na meáin clóite as Gaeilge. Is buile mhór a bhí ann nuair a ghearradh an maoiniú don tUltach, Feasta agus an Timire agus nach bhfuil maoiniú á chur ar fáil do nuachtáin clóite as Gaeilge. Laghdaíonn sé feiceálacht na Gaeilge sna siopaí agus ní bhíonn deis ag cainteoirí Gaeilge nach bhfuil fáil acu ar an idirlíon na meáin Gaeilge a léamh. Tá gá dul i ngleic le seo láithreach.

## Moltaí Chonradh na Gaeilge

- Tá moladh ag dul do Nós, Comhar agus Tuairisc.ie as ardchaighdeán a saothar
- Níor chóir aon athrú a dhéanamh ar an airgead atá á dáileadh go dtí go mbeidh breis airgead ar fáil le caitheamh
- An é obair d'Údarás na Gaeltachta scéim a chur ar bun chun tacú le nuachtlitreacha sa Ghaeltacht agus ní obair don Fhoras, ach go háirithe nuair nár tugadh aon airgead breise do bhuiséad Fhoras na Gaeilge le 10 mbliain anuas
- Ba chóir plean fadtéarmach a chur le chéile, leis na hacmhainní cuí sa bhreis atá ag teastáil san áireamh, agus sin a chur chuig an dá Rialtas
- Ba chóir go mbeidh Feasta, an tUltach, agus an Timire san áireamh in aon phlean atá ag lorg acmhainní breise ón dá Rialtas
- Go ndéanann na meáin chlúdach iomlán ar an tír agus go mbíonn clúdach / lonnaíocht / ionadaíocht acu ó thuaidh fosta de réir mar is cuí



Ceann-Áras: Uimhir 6, Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, Éire +353 (0)1 4757401 eolas@cnag.ie www.cnag.ie

## STRAITÉIS 20 BLIANA DON GHAEILGE 2010 – 2030

Seo a deir an Straitéis 20 Bliana don Ghaeilge 2010 – 2030 maidir le hearnáil na meán:

- an líon daoine a úsáideann seirbhísí Stáit trí Ghaeilge agus atá in ann teilifís, raidió agus na meáin chlóite a rochtain tríd an teanga a ardú. (lth. 9)
- Leanfar ar aghaidh ag cur táirgí traidisiúnta cosúil le nuachtáin, irisí agus leabhair ar fáil agus ag tacú leo (lth. 26)
- Tá sé riachtanach go mbeidh rochtain éasca ag an bpobal ar ábhair chlóite i nGaeilge i siopaí nuachtán, i siopaí leabhar agus ar an idirlíon má tá todhchaí le bheith ann do litríocht agus d'iriseoireacht chlóite. (lth. 26)
- Tacófar le léamh agus le scríobh na Gaeilge le Dlúthdhioscaí, DVDanna, closleabhair, agus meáin chlóite go gearrthéarmach agus go meántéarmach (lth. 26)
- forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh le scríobh i nGaeilge a chothú i measc daoine óga i raon meán - iriseoireacht, blagáil, scríbhneoireacht chruthaitheach, drámaíocht agus scripteanna scannán. (lth. 27)

Tá gá an Straitéis a thógáil san áireamh ag aon ghníomh a thógáil i dtaobh an t-athbhreithniú seo.

## PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA 2018 - 2022

Seo a deir an Plean Gníomhaíochta 2018 – 2022 den Stráitéis 20 Bliana don Ghaeilge 2010 – 2030 maidir le hearnáil na meán:

- an líon daoine a úsáideann seirbhísí Stáit trí Ghaeilge agus atá in ann teilifís, raidió agus na meáin chlóite a rochtain tríd an teanga a mhéadú. (lth. 7)
- Nuachtán ar líne (www.tuairisc.ie) agus irisí ar líne (www.comhar.ie agus www.nos.ie) ag feidhmiú le tacaíocht ó Fhoras na Gaeilge (lth. 17)

Ní chóir arís dul in aghaidh gníomhaíochtaí an Straitéis agus Foras na Gaeilge ag dul i mbun an t-athbhreithniú seo.



Ceann-Áras: Uimhir 6, Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, Éire +353 (0)1 4757401 eolas@cnag.ie www.cnag.ie

Conradh na Gaeilge

## Conclúid

Caithfear maoiniú breise a lorg nó beidh breis dochar á dhéanamh ag Foras na Gaeilge ar na meáin. Níl aon dul as le sin. Tá moltaí maithe ann sa Doiciméid Chomhairliúcháin ach ní féidir iad a chur i bhfeidhm gan maoiniú breise. Mura gcuirtear maoiniú breise ar fáil beadh Conradh na Gaeilge ag moladh gan aon athrú a dhéanamh ar na scéimeanna, ie go gcoinnítear an socrú atá faoi láthair do mhaoiniú Tuairisc.ie, Nós.ie agus Comhar. Tá Conradh na Gaeilge sásta an aighneacht seo agus na moltaí atá istigh ann a phlé le Foras na Gaeilge ag am ar bith.



Ceann-Áras: Uimhir 6, Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, Éire +353 (0)1 4757401 eolas@cnag.ie www.cnag.ie